THE INSTITUTE OF EDUCATION

# Irish

Clare Grealy

Higher Level

2020-21

## *Dís - Is Agallamh beirte é*

## *Páirt na Mná - Na rudaí go léir a labhair sí faoi*

*Unauthorised publication, distribution or reproduction of these notes is prohibited.*

# Dís C Grealy.

# Is Agallamh beirte é.

**Páirt na mná: Na rudaí go léir a labhair sí faoi.**

- Is léir go raibh saol LEAMH leadránach ag an bhean seo. Bhí sí fágtha ina h-aonar sa teach i rith an lae agus sin é an fáth gur theastaigh comhrá is CAIDREAMH uaithi lena fearchéile Seán tar éis lá oibre: sin é an fáth go raibh sí ag iarraidh air chun an nuachtán a chur anuas agus chun caint léi. "cuir síos an páipéar agus bí ag caint liom." Ach ní raibh a leithéid ag teastáil uaidh in aon chor. Níor thuig sé cén fáth nach raibh fear in ann suí síos cois tine ar a sháimhín só chun a nuachtán a léamh. Níor theastaigh aon rud uaidh an oíche sin ach suaimhneas.

- Deireann sí go raibh sí míshona agus míshásta lena saol le tamall fada; dar ndóigh bhí fiche cúig faoin gcéad de mhná pósta na tíre ar an intinn chéanna aici, ach níos measa ná sin ach ní raibh i gcuid mhaith díobh ach "staitistic".

- Nuair a tháinig an bhean " torrach " chun an tí lena suirbhé i mí Eanáir bhí sí níos mó ná sásta a liosta fáda ceisteanna a fhreagairt agus rinne sí é sin chun a cuid feirge a ADHAIRT. An mhaidin sin ní raibh sí "i ndea-ghiúmar" ar chor ar bith. Bhí rudaí áirithe AG DÓ NA

CLARE GREALY

GEIRBE aici – drochaimsir, dorchacht, dochmhacht agus billí in éineacht leis an teach a bhí bun os cionn.

- An rud is mó a bhí ag cur go mór as di ná nár thug éinne aon AITHEANTAS CEART ar bith d'obair bhean an tí. Ní thugann aon duine faoi deara an glantachán go léir a dhéantar ar fud an tí ná an chócaireacht ach oiread ach nuair nach ndéantar é, bhuel sin scéal eile!

Sin iad na rudaí a thiomáin di go pointe na géarchéime agus sin é an fáth gur shocraigh sí chun dul amach ag obair mar IONADAÍ. .

- Bhí sé ar intinn aici obair an t-suirbhé a dhéanamh fad is a bheadh an bhean san ospidéal LE BREITH AN LINBH. (Tá sorn nua ag teastáil uaithi agus ceannóidh sí ceann leis an airgead a bhfaighidh sí óna cuid oibre mar ionadaí) Dar léi bheadh an obair éasca go leor agus bheadh sí in ann dul ó theach go teach lena leanbh féin INA BACLAINN aici cosúil leis an lucht siúil toisc nach ndúnann daoine doras ar thincéir mná má bhíonn leanbh aici ina lámha.

- Nuair a chuir Seán ceist uirthi an raibh sí GO FÍRINNEACH chomh míshona agus chomh mísháasta sin dúirt sí leis GO NEAMHBHALBH nár inis sí an fhírinne go léir sa suirbhé – dar ndóigh níor inis sí ach bréaga! Cén fáth go ndearna sí a leithéid? Ní raibh sí "ag smaoineamh i gceart" an mhaidin sin. Bhí an teach bun os cionn agus bhí sí CLAONTA IN AGHAIDH NA bhFEAR go léir sa domhan an lá sin.

CLARE GREALY

- Tá tuiscint mhaith aici ar an gcaoi a chuireann iriseoirí tuairiscí le chéile bunaithe ar shuirbhéanna . Is é cúram an eagarthóra ná chun an nuachtán a dhíol. Díolann CÚLCHAINT AGUS DIÚLTACHT nuachtáin! Sin é an fáth nár cuireadh i gcló sa nuachtán go raibh seachtó cúig faoin gcéad SÁSTA – roghnaigh siad chun a scríobh go raibh fiche cúig faoin gcéad MÍ-SHÁSTA!

- Dar léi chomh fada is atá an fearchéile beo tá páirt ag an bhean sa t-sochaí. Ach chomh luath is a fhaigheann sé bás níl "faic" inti; bíonn sí "redundant" – agus gan aici ach pinscan SUARACH NA BAINTRÍ! Sin é an fáth gur breá léi FEALSÚNACHT na nIndeach fadó – an bhean A DHÓ in éineacht le corp a fircheile nuair a fuair seisean bás!

**<u>Fadhbanna na mná: Na rudaí go léir a bhí ag dó na geirbe uirthi.</u>**

- Is é uaigneas ceann de na fadhbanna is mó i saol na mná seo. Nuair a d'fhill a fearcéile abhaile tar éis lá oibre bhí níos mó suime aige sa nuachtán ná inti féin. Bhí comhrá uaithi! Bhí caidhreamh uaithi! Bhí ciúnas uaidh! Bhí suaimhneas uaidh! Sin é an fáth go raibh sí AG IMPÍ air chun an nuachtán a chur anuas agus chun cáint léi. Ardaíonn sí ceist an tsuirbhé chun a chuid aird a fháil agus dar ndóigh fuair!

CLARE GREALY

- Fadhb mhór eile a bhí ag cur as dí ná nach raibh aon suim aige inti! Ba chuma leis fuithi! Níor thug sé faoi deara an méid glantacháin ná cócaireachta a rinne sí in aghaidh an lae ach muna raibh sé déanta aici NÍ BA LEASC LEIS chun bheith ag gearán faoi!

- Dar léi níor thug sé faoi deara go raibh sí míshona ná míshásta inti féin. Conas a bheadh an t-eolas sin aige? Níor labhair sé léi riamh faoina saol laethiúil, ná cúrsaí an tí ná IMEACHT LAETHIÚLA AN LINBH agus ag deireadh an AGALLAIMH nuair a bhí sí ag cur sios ar "LÚBAIREACHT " na mná leis an suirbhé thit sé ina SHUAIN fad is a bhí sí ag caint leis.

- Ach ní luíonn AN LOCHT NÁ AN MILLEÁN go léir air dar ndóigh. Cuireann sí an milleán ar pholaiteoirí na tíre. Tá an Rialtas sásta pinsean na baintrí a bhronnadh ar bhaintrigh uile na tíre ach NÍ AITHNÍTEAR an obair go léir a dhéanann mná tí na hÉireann. Níl aon "working wife's allowance". Rud nach bhfuil ceart nó cóir dar léi!

- CÁINEANN sí Rialtais tíortha eile freisin a CHUIR ANUAS ar mhná agus a CHUIR SÍOS ar mhná mar SHAORÁNAIGH ÍOCHTARACHTA – cuir i gcás san India áit inar dódh na baintrigh nuair a fuair a firchéile bás.

- Creideann sí GUR SAOLAÍODH mná chun leanaí a chur an an saol agus chun na leanaí sin a thógáil ach ina diaidh sin bíonn an bhean

CLARE GREALY

"redundant"! – gan úsáid ar bith inti. Dar léi pósann fir mná chun bheith AG TINDEÁL orthu sa tslí ina raibh Sarah ag tindeál ar Jimmy.

- Bhí SOCHAÍ na hÉireann an- éagsúil fadó. Bhíodh an t-seanbhean sa chathaoir SHÚGÁIN ag scéalaíocht agus AG RIAR faoi seanleigheasanna má éirigh go maith léi le beanchéile a mic. Ach MUNAR éirigh go maith leis an bheirt acu bhíodh sí ag argóint agus ag béicíl. Ach bhí tábhacht aici sa chlann. Bhí a háit féin aici. Ach ní tharlaíonn a leithéid níos mó. Anois tá sí caite sa chúinne agus gan éinne ag bacadh léi agus í ag caint nó AG RÁMHAILLÍ léi féin chun am a mheilt sula bhfaigheann sí bás. Í i "seomra feithimh Dé" faoi mar a déarfá.

**Páirt an fhír:**

- Tá roinnt mhaith cosúlachaí idir Seán san agallamh seo agus fir na hÉireann.

- Téann sé amach chun na h-oibre gach uile lá agus filleann sé chun tí sa tráthnóna ag tnúth le béile blasta in éineacht le só, suaimhneas agus síocháin . Ní bhíonn aon rud uaidh ach "a chosa a chur suas" faoi mar a déarfá chun a scíth a ligean agus chun an nuachtán a léamh – is rud é a dhéanann sé go laethiúil.

CLARE GREALY

- Ní theastaíonn ó aon fheargnó aighneas, argóint, díospóireachtaí fealsúnacha faoin rud seo nó faoin rud siúd. Is cuma leis faoin obair a dhéanann a bheanchéile i rith an lae ach is cuma léi faoi . Fiú ba chuma leis faoina leanbh mar dúirt sé na focail " cad mar gheall ar DO LEANBH "

- Leagadh siar é nuair a chuala sé go raibh a bheanchíle míshona is míshásta lena saol. Ní fhaca sé na leideanna baolacha. Níor smaoinigh sé riamh go raibh an scéal mar sin. Ba léir nach raibh mórán suime aige inti. "Tusa? Míshona? míshásta? Sin é an chéad chuid a chuala de", ar seisean. Nach dtaispeánann sé sin chomh maith nach raibh aon aithne aige uirthi ach oiread?

- Is fear teasaí lásanta é chomh maith. Nuair a thosaigh sé ag cur ceisteanna uirthi d'ardaigh sé a ghuth agus bhí faobhar ina ghlór. "Cén bhean?" "Cén fáth in ainm Dé?". D'impigh sí air chun a ghlór a ísliú ar eagla go ndúiseodh an leanbh. Ach ansin creid é nó ná creid nuair a dúirt sí gur theastaigh comhrá "deas ciúin siabhialta" uirthi thug sé freagra gur theastaigh uaidh an nuachtán a léamh.

- Faoi mar a bhíonn sé le gach lánúin bhí a gcuid fadbhanna pearsanta féin acu ach níor theastaigh uaidh go mbeadh na comharsana fiosracha ag fáil aon eolais pearsanta faoina gcuid fadhbanna féin! Chuir sé isteach go mór air go raibh a bheanchéile ag tabhairt eolais pearsanta do "strónséir mná".

CLARE GREALY

- Fear drochbhéasach a bhí ann amach is amach – agus dar ndóigh an masla ba mhó a thug sé di ná nuair a thit sé ina chodladh le linn di bheith ag caint.

TÁBHACHT AN SUIRBHÉ.

*** Bhí páirt lárnach ag an suirbhé san agallamh seo agus ní amháin sin ach bhí sé ina chnámh spairne ó thús go deireadh.

*** Ní amháin gur spreag sé an t-agallamh eatarthu ach ní bheadh aon agallamh ann gan é.

*** Thug an suirbhé lear mhór eolais dúinn faoin sort saoil a bhí ag an bhean seo – ní amháin cé chomh míshona is a bhí sí ach na curaimí go léir a rinne sí go laethiúil agus cúraimí a bhí iontu ó nach bhfuair sí aon aitheantas.

*** Cuireann an suirbhé chun cinn freisin an stadas íseal a bhí ag baint léi. Creid é nó ná creid níl aon ainm againn uirthi!

*** Ní amháin go raibh an bhean " torrach " cosúil le bronntanas ó Neamh ach bhí an suirbhé níos tábhachtaí dí an mhaidin sin mar thug sé

CLARE GREALY

an seans di a cuid feirge a adhairt le stíl foclóra nár chreid sí a bhí inti riamh.

*** Bhí an bhean seo ag lorg aitheantais ó Sheán agus thug an suirbhé an seans sin di é sin a fháil uaidh agus cuireann sé brú mór orthu beirt scrúdú a dhéanamh ar a gcaidreamh pearsanta féin.

AN DEIREADH.

*** Cé gur agallamh é seo "Dís" is beag an t-agallamh atá ann ag an deireadh toisc nach bhfuil sí ach ag caint léi féin .

*** Chomh luath is a thosaigh sí ag cur síos ar " lúbaireacht " na mná lena suirbhé thit Seán ina shuan.

*** Ní amháin sin ach ag an deireadh tháinig racht feirge uirthi go ndearna an bhean eile staicín áiféise aisti nuair a chuir si brú uirthi a liosta fada ceisteanna a fhreagairt. Ba léir dí gur cuireadh an dallamullóg uirthi.

*** Cén fáth gur thit Seán ina chodladh ag an deireadh? Ba léir nach raibh suim dá laghad aige san fhealsúnaí Síneach Mao agus í ag clabaireacht faoi ná i mná na hÉireann fadó agus iad " ag riar " faoi

CLARE GREAL

seanleigheasanna agus seanscéalta - b'fhéidir cosúil le " Oisín i dTír na nÓg ".

***

Ní thuigim ar chor ar bith cén fáth gur chuir sé isteach go mór uirthi gur inis an bhean eile " éitigh " di ! Nár inis sise roinnt mhaith bréaga do mhuintir na hÉireann sa suirbhé?

CLARE CREALY

GREANN.

*** Ar an gcéad dul síos is agallamh beirte é seo agus i gcúrsaí litríochta tá an stíl seo nua aimseartha sin é an fáth nach dtuigim cén fáth gur tugadh teideal seanaimseartha air - an t-ainm DÍS in ionad BEIRT. Chonaiceamar an focal sin Dís sa seanscéal Oisín i dTír na nÓg.

*** Bhí an bheirt acu an-éagsuil óna chéile. Bhí an bhean an-chainteach ar fad agus Seán saghas dúir. Nach greannmhar gur phós siad a chéile agus gur fhan siad le chéile mar lánúin?

***Ní raibh aon aithne aici ar an bhean a tháinig chun an tí an mhaidin sin leis an suirbhé ach shuigh sí síos léi agus d'fhreagair sí a cuid ceisteanna agus an bheirt acu ag ól caifé ina dhiaidh sin. Bhí sé sin greannmhar go raibh an méid sin muinín aici as strainséir.

*** Cé nach raibh uirthi a h-ainm a chur leis an suirbhé bhí sé an-ghreannmhar gur inis sí " éitigh " ann.

*** Ceann de na cinn is greannmhaire anseo ná na nósanna a bhí ag na Sínigh agus na hIndigh fadó. Pé uair a fuair an fear bás dhóigh siad a bhaintrigh beo in aice leis.

*** Tríd an agallamh feicimid an focal hugh ceithre uair. Nár thuig an bhean seo nach raibh sé ag éisteacht léi ? Má thuig sí ní thuigim cén fáth gur lean sí ar aghaidh ag clabaireacht leis faoin rud seo nó faoin rud sin. Dar liom bhí se an-ghreannmhar.

CLARE CREALY